

Craobh an Gheimhridh



Buíochas le Sportsfile

Iarracht Mhór ag Teastáil Anois

*Is ar an bpáirc
amháin a bhuaifar
an cath seo*

Le Liam de Lása

N'fheadar cad ina thaobh go seasann an t-alt amach chomh soiléir i mo cheann go dtí an lá inniu. Alt a foilsíodh in Irisleabhar na Bliana CLG Chill Chainnigh siar sa bhliain 2005 atá i gceist agam. Ní rabhas ach i m'ógánach scoile agus an-dúil agam sna leabhair agus scéalta spóirt, murab ionann agus na leabhair scoile faraor. "What's the Plan? More to the point Where's the plan?" an ceanteideal a rug ar mo shúil.

Ní luafaidh mé údar an ailt ach iriseoir breá cumasach le cur amach doimhin aige ar a cheird a chum an píosa géarchúiseach seo. Bhí muintir CLG an chontae fós fé scamall an bhróin tar éis chliseadh géar ár n-íománaithe in aghaidh na Gaillimhe i mbabhta leathcheannais na hÉireann na bliana san. Cailliúint a mhúnlódh cur chuige na gCat ar feadh na mblianta fada ina dhiaidh sin ach níor léir an pointe sin ag an am. D'admhaigh an tUasal Cody ina bheathaisnéis féin gur chreid sé go raibh deireadh an bhóthair buailte leis mar bhainisteoir tar éis an fheachtais dhíomách.

Ní gan chúis ná údar a shuigh ár gcolúnaí rúnda síos mar sin, chun cur chuige Cody agus a fhoireann bhainistíochta a cháineadh. Bhí foireann óg Chorcaí ag bláthú le stíl ná facthas riamh roimhe sin. Bhí plean docht daingean tugtha isteach ag John Allen, ag eascairt as staitisticí, eolaíocht spóirt, teaicicí seiftiúla agus dáileadh na seilbhe ón mbáireoir amach. Bhí tuairim na meán ag treisiú go raibh an cluiche athraithe ó bhonn acu agus go raibh crosbhóthar buailte le Cill Chainnigh agus le foirne eile.

Bhí an rogha simplí le tuiscint; athrú i dtreo na modhanna nuálaíocha nó titim siar. Ní hamháin san ach bhí an fhianaise ar fad ag tacú leis na glórtha móra. Bhí Cill Chainnigh clóite go dona den tarna bliain as a chéile agus Corn Liam Mhic Cárthaigh ag fillleadh ar na reibiliúnaigh arís eile.

Bíonn iriseoirí coimeádach ina gcáineadh go minic ar eagla go gcasfaí an taoide agus go ndéanfaí ceap magaidh dá gcuid tuairimí am éigin. Bíonn lá eile ag an bPaorach i gcónaí nach mbíonn? Níor chuir mo dhuine fiacail ann áfach. Ba léir go raibh an misneach cailte go hiomlán aige as cumas na foirne bainistíochta sinn a stiúradh isteach go dtí an chéad nua. Chuir sé ina leith go rabhadar seanfhaiseanta, dall ar athruithe an chéid nua agus fós ag brath ar a ngoil chun oibre le cluichí a bhuachaint.

Thógfadh sé cúig bliana ar a laghad foireann, stíl agus cur chuige nua a thógaint ón talamh aníos de réir an tsaoi. Ní raibh faic i ndán dúinn idir an dá linn ach laethanta ag fágaint Pháirc an Chrócaigh agus ár gcroíthe briste go dtí go mbeadh aistriú Naomh Pól ag Brian Cody.

Níor tháinig an t-aistriú san ach ba shuimiúil mar a chríochnaigh an dráma. Ní bhuafaí ar na Cait i gcluiche craoibhe ar feadh cúig bliana tar éis fhoilsiú an ailt chéanna. Bhудар sé chraobh uile-Éireann in achar seacht mbliana a lean idir sin agus 2012. Ní mar a shíltear a bhítear...

Bhuaileas lenár n-iriseoir rúnda bliain ó shin agus ní fhéadas é a choimeád istigh. D'aithin sé an ceanteideal láithreach agus dhein sé smiota gáire. Is dócha go raibh súil aige nach dtiocfadh an madra abhaile le meabhrú ina bhéal.

Pé tuairim a bhí ag Brian Cody faoin alt ag an am (tá sé léite aige cúpla uair de réir an iriseora) d'aontódh an bheirt acu ar phointe tábhachtach amháin anois. Go mbuaitear nó go gcailltear gach aon chogadh ar an bpáirc amháin beag beann ar chúinsí eile.

Tá ana-chaint le coicís anuas maidir le lucht ceannais na tíre agus na cinntí móra atá le déanamh acu. Bíonn dream sásta agus dream eile míshásta le cinntí a dhéantar agus tá sé sin nádúrtha mar níl a fhios ag an duine conas a luíonn an bhróg ar an duine eile. Is ar an bpáirc amháin a bhuaifar an cath seo COVID-19 áfach agus is sinn atá istigh sa lár. Tá iarracht mhór uainn anois a chairde.



Buíochas le Sportsfile

Ógánach - Young Person
Géarchúiseach - Discerning
Beathaisnéis - Biography
Daingean - Secure
Báireoir - Goalkeeper
Crosbhóthar - Crossroads

Seiftiúil - Resourceful
Dall - Blind
Fianaise - Evidence
Coimeádach - Conservative
Goile - Appetite
Saoi - Wise Person

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| I | A | M | O | H | H | P | E | B | L | L | D | T | C |
| I | N | I | F | D | B | A | A | T | A | E | S | B | O |
| E | N | R | E | A | O | I | H | N | G | H | A | L | I |
| B | A | I | R | G | A | S | E | E | N | R | E | H | M |
| E | E | A | D | A | R | E | R | G | A | D | R | D | H |
| A | T | U | A | E | C | A | O | C | E | N | H | A | L |
| L | S | T | L | R | L | N | A | L | C | C | B | C | I |
| A | I | E | E | P | N | T | H | L | C | D | I | R | N |
| C | E | A | I | S | D | A | M | O | R | A | A | A | T |
| H | C | O | M | P | O | R | D | A | C | H | S | E | E |
| L | O | N | N | A | I | T | H | E | D | A | C | D | R |
| E | A | A | H | D | A | D | E | A | R | F | A | C | H |
| A | M | H | R | A | S | A | C | O | D | Y | M | G | O |
| A | E | D | R | A | F | E | A | C | H | T | A | S | E |

CODY
DEARCADH
SPREAGADH
CEANGAL
COMPORDACH
PAISEANTA
DEARFACH
COIMHLINT
FEACHTAS
BEALACH
LONNAITHE
SAIBHREAS
CEISTEANNA
TUAIRIM
AMHRAS
CRAOBH